Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2023
(OR. en)

11150/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0217 (NLE)**

ECOFIN 675
FIN 698
UEM 209

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Fhrainc |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Fhrainc**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Fhrainc an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta ('RRP') a chur isteach an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, tá an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit le nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022 chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 20 Aibreán 2023 chuir an Fhrainc RRP náisiúnta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuireann an RRP modhnaithe san áireamh an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ar an bhforas nach féidir an RRP a bhaint amach i bpáirt a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Baineann na modhnuithe ar an RRP a chuir an Fhrainc isteach le 30 beart.

---

1 Féach doiciméad ST 10162 2021 INIT agus ST 10162 2021 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(5) An 12 Iúil 2022 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Fraince i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Mhol an Chomhairle don Fhrainc, *inter alia*, dul ar aghaidh le cur chun feidhme a RRP, a hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a mhéadú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú le Rialachán (AE) 2021/241 (an tSaoráid'), agus a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, go háirithe trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus trí bhorradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh. Mhol an Chomhairle don Fhrainc freisin beartas fioscach lena mbainfí amach seasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a shaothrú, le haghaidh na tréimhse tar éis 2023, a córas pinsean a athchóiriú, aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna agus ar na dúshláin shonracha sa chóras oideachais. Tar éis measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha ó 2019 agus 2020 tráth a cuireadh isteach an RRP náisiúnta modhnaithe, measann an Coimisiún gur baineadh cur chun feidhme iomlán amach i gcás mholadh 2019.4.3 (fás gnólachtaí a chothú) agus moladh 2020.3.1 (rochtain gnólachtaí ar mhaoiniú). Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le moltadh 2019.1.4 agus moladh 2022.1.4 (athchóiriú chóras na bpinsean), moladh 2019.3.1 agus moladh 2020.3.8 (infheistíocht in T&F), moladh 2019.3.3 agus moladh 2020.3.7 (bonneagar digiteach), moladh 2019.4.1 agus moladh 2020.4.3 (an córas cánach a shimpliú agus cánacha ar an táirgeadh a laghdú), moladh 2020.1.2 (athléimneacht an chórais sláinte), moladh 2020.2.1 agus moladh 2020.2.2 (tionchar fostaíochta agus sóisialta na géarchéime a mhaolú, lena n-áirítear trí scileanna a chur chun cinn), moladh 2020.3.2 agus moladh 2020.3.3 (tús áite a thabhairt do thionscadail infheistíochta phoiblí aibí agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú), moladh 2020.3.4 (astaíochtaí a laghdú san earnáil iompair), agus moladh 2022.1.2 (infheistíocht phoiblí a mhéadú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh).

(6) Cuireadh isteach an RRP modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, próiseas a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an RRP náisiúnta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241

(7) Leis an RRP modhnaithe a chuir an Fhrainc isteach baintear 13 bheart chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Fhrainc nach féidir na bearta uile atá in RRP bunaidh na Fraince a mhaoiniú a thuilleadh, toisc gur laghdaíodh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 39 368 318 474[1] go dtí EUR 37 448 495 278[2]. Baineadh infheistíocht amháin, sin méid EUR 250 milliún san iomlán, agus tá 12 infheistíocht laghdaithe, sin méid EUR 1 662 milliún san iomlán. Mhínigh an Fhrainc gur cheart bearta áirithe a bhaint nó a laghdú i bhfianaise an laghdaithe sa leithdháileadh agus gur cheart roinnt acu a laghdú agus an laghdú sa leithdháileadh agus na cúinsí oibiachtúla a dhéanann difear do chur chun feidhme na mbeart sin á gcur san áireamh.

[1] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Fraince de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

[2] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Fraince de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

(8) Níl infheistíocht C5.I1 (Cistí infheistíochta réigiúnacha), lena gcuirtear le ‘ciste cistí’ arb é is aidhm dó iomaíochas agus cumas infheistíochta FBManna a neartú, faoi chomhchuid 5: (Tacaíocht do ghnólachtaí) sa RRP modhnaithe a thuilleadh. Dá bhrí sin ba cheart an tuairisc ar an mbeart sin agus an gharsprioc agus an sprioc ghaolmhar a bhaint ó Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021.

(9) Thairis sin, leis an RRP modhnaithe a chuir an Fhrainc isteach, athraítear bearta faoi chomhchuid 2 (Éiceolaíocht agus bithéagsúlacht), 3 (Bonneagar agus an tsoghluaisteacht ghlas), 4 (Fuinnimh agus teicneolaíochtaí glasa), 6 (Ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht), 7 (Digitiú Stáit, críoch, fiontar agus cultúir) agus 8 (Cosaint poist, an óige, míchumas agus gairmoiliúint), chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a léiriú Go háirithe, athraíodh na bearta seo a leanas chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a laghdú i gcomparáid leis an RRP bunaidh, chun an leithdháileadh laghdaithe a léiriú: cuid d'infheistíocht C2.I6 (líonraí uisce slána) a bhaineann le cóireáil sloda séarachais faoi chomhchuid 2 (Éiceolaíocht agus bithéagsúlacht), gan aon tionchar díreach ar an sprioc ghaolmhar; cuid d'infheistíocht C3.I2 (Tacaíocht chun feithiclí glana a cheannach) a bhaineann leis an mbónas éiceolaíoch chun feithiclí tromshaothair glana a cheannach, lena n-áirítear sprioc 3-17 a bhaint faoi chomhchuid 3: Bonneagar agus an tsoghluaisteacht ghlas; an chéad fhobheart d'infheistíocht C4.I2 (Hidrigin dhícharbónaithe a fhorbairt) a bhaineann le sásra a bhunú chun tacú le táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin, lena n-áirítear spriocanna 4-5, 4-6 agus 4-7 a bhaint; infheistíocht C4.I3 (Plean tacaíochta don earnáil aerloingseoireachta), lena n-áirítear spriocanna 4-10 agus 4-12 a laghdú, faoi chomhchuid 4 (Fuinnimh agus teicneolaíochtaí glasa); infheistíocht C6.I1 (Uasghrádú digiteach cuideachtaí), lena n-áirítear sprioc 6-4 a laghdú faoi chomhchuid 6: Ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht; cuid d'infheistíocht C7.I1 (Fostaíocht T&F a chaomhnú), lena n-áirítear prioc 7-16 a laghdú; 3 fhobheart d'infheistíocht C7.I11 (Tacaíocht d'earnálacha cultúrtha agus d'athchóirithe oidhreachta), i.e. an Plean don Earnáil Preasa, an Plean don Earnáil Leabhar agus an Plean d'Earnáil an Chineama), lena n-áirítear garspriocanna 7-32, 7-33 agus 7-34 a bhaint, faoi chomhchuid 7 (Digitiú Stáit, críoch, fiontar, cultúir;) infheistíocht C8.I2 (Athsciliú trí chláir oiliúna sealaíochta (Pro A), lena n-áirítear sprioc 8-9 a laghdú; infheistíocht C8.I6 (Poist a chruthú don óige san earnáil spóirt), lena n-áirítear sprioc 8-13 a laghdú; infheistíocht C8.I9 (Ráthaíochtaí ón Stát le haghaidh iasachtaí do mhic léinn), lena n-áirítear sprioc 8-16 a laghdú; infheistíocht C8.I10 (Cúrsaí pearsanta don óige idir 16-18 mbliana d'aois nach gcomhlíonann na riachtanais oiliúna), agus infheistíocht C8.I18 (Ábhar oideachais digiteach: ardáin le haghaidh ábhar digiteach), lena n-áirítear spriocanna 8-25 agus 8-26 a laghdú faoi chomhchuid 8 (Cosaint poist, an óige, míchumas, gairmoiliúint).

(10) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bhFrainc, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

(11) Na leasuithe ar an RRP a chuir an Fhrainc isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 18 mbeart.

(12) Mhínigh an Fhrainc nach féidir dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh, toisc go bhfuil fadhbanna cur chun feidhme ann mar thoradh ar shuaitheadh sa slabhra soláthair agus ar an mboilsciú ard, rud a imríonn tionchar ar a spriocanna gaolmhara. Dá bhrí sin, chuir an Fhrainc na leasuithe ar an RRP isteach chun sprioc 7.28 d'infheistíocht C7.I11 (Tacaíocht d'earnálacha cultúrtha agus d'athchóirithe oidhreachta) a laghdú faoi chomhchuid 7 (Digitiú Stáit, críoch, fiontar, cultúir) agus sprioc 9.12 d'infheistíocht C9.I3 (Bunaíocht leighis agus shóisialta a athchóiriú) a laghdú faoi chomhchuid 9 (Taighde, sláinte agus spleáchas, comhtháthú críochach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Fhrainc go laghdófaí na spriocanna réamhluaite agus na hathruithe réamhluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(13) Maidir le hinfheistíocht C8.I22 (méadú ar acmhainní Pôle Emploi) faoi chomhchuid 8 (cosaint poist, an óige, míchumas, gairmoiliúint) tá sé mínithe ag an bhFrainc nach féidir an infheistíocht sin a bhaint amach ina formáid bhunaidh ós rud é gur gá gnéithe áirithe de na bearta a mhodhnú mar gheall ar COVID-19, gan aon tionchar díreach ar an sprioc ghaolmhar. Ar an mbonn sin, d'iarr an Fhrainc go leasófaí an tuairisc ar infheistíocht C8.I22 (méadú ar acmhainní Pôle Emploi) faoi chomhchuid 8: (Cosaint poist, an óige, míchumas, gairmoiliúint). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(14) Mhínigh an Fhrainc nach féidir infheistíocht C8.I7 (Scoileanna cónaithe barr feabhais) faoi chomhchuid 8 (Cosaint poist, an óige, míchumas, gairmoiliúint) a bhaint amach a thuilleadh laistigh d'amlíne an RRP bunaidh, toisc go bhfuil moill shuntasach ar an gcur chun feidhme de dheasca ghéarchéim COVID-19 agus suaitheadh ar an slabhra soláthair. Dá bhrí sin, chuir an Fhrainc na leasuithe ar an RRP isteach chun sprioc 8-14 a chur siar agus an tuairisc ar infheistíocht C8.I7 (Scoileanna cónaithe barr feabhais) a athrú faoi chomhchuid 8 (Cosaint poist, an óige, míchumas, gairmoiliúint). Ar an mbonn sin, d'iarr an Fhrainc go gcuirfí síneadh leis an amlíne cur chun feidhme agus go ndéanfaí na hathruithe réamhluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(15) Mhínigh an Fhrainc freisin nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne bhunaidh, mar gheall ar an mboilsciú ard. Dá bhrí sin, chuir an Fhrainc na leasuithe ar an RRP isteach chun an tuairisc ar infheistíocht C3.I5 (Glasú fhlít gluaisteán an Stáit) a athrú agus sprioc 3-30 d'infheistíocht C3.I6 (Glasú cuanta) a chur siar faoi chomhchuid 3: Bonneagar agus an tsoghluaisteacht ghlas, agus spriocanna 9-8 agus 9-9 d'infheistíocht C9.I2 (Ospidéil agus soláthar cúraim a nuachóiriú agus a athstruchtúrú) a mhodhnú faoi chomhchuid 9 (Taighde, sláinte agus spleáchas, comhtháthú críochach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Fhrainc go leasófaí amlíne cur chun feidhme na spriocanna réamhluaite agus go ndéanfaí na hathruithe réamhluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(16) Mhínigh an Fhrainc nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh ina bhformáid bhunaidh toisc gur gá gnéithe áirithe de na bearta a mhodhnú nó a thréigean chun réitigh níos leordhóthanaí nó níos éifeachtúla a chur chun feidhme mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó teicniúla gan choinne. Dá bhrí sin, chuir an Fhrainc na leasuithe ar an RRP isteach chun, garsprioc 1-2 agus an tuairisc ar athchóiriú C1.R1 (athchóiriú tithíochta) a athrú faoi chomhchuid 1: Athchóiriú foirgneamh, garsprioc 6-8 agus an tuairisc ar infheistíocht C6.I3 (Tacaíocht do ghnólachtaí nuálacha) a leasú faoi chomhchuid 6: (Ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht), agus sprioc 7-21 d'infheistíocht C7.I4 (Uasghrádú digiteach ar Shainaithint Leictreonach an Stáit) a leasú faoi chomhchuid 7 (Digitiú Stáit, críoch, fiontar, cultúir). Ar an mbonn sin, d'iarr an Fhrainc go leasófaí na garspriocanna agus na spriocanna réamhluaite agus go ndéanfaí na hathruithe réamhluaite, agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(17) Mhínigh an Fhrainc nach féidir ceithre bheart a bhaint amach a thuilleadh toisc go raibh moill shuntasach ar chur chun feidhme an bhirt mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó teicniúla gan choinne, gan aon tionchar ar uaillmhian bhunaidh an bhirt. Chuir an Fhrainc na leasuithe ar an RRP isteach chun athrú a dhéanamh ar an tuairisc ar infheistíocht C1.I2 (Athchóiriú fuinnimh agus athshlánú mór ar thithíocht shóisialta) faoi chomhchuid 1 (Athchóiriú foirgneamh), le garsprioc 2-3 d'athchóiriú C2.R2 a choigeartú (An Dlí maidir leis an nGeilleagar Ciorclach), a dtugtar isteach garsprioc 2-3 bis ina leith, leis an tuairisc ar infheistíocht C2.I5 a athrú (Cosc ar rioscaí seismeacha sa DOM (Aintillí)) faoi chomhpháirt 2 (Éiceolaíocht agus bithéagsúlacht), agus le sprioc 7-30 d'infheistíocht C7.I11 (Tacaíocht d'earnálacha cultúrtha agus d'athchóirithe oidhreachta) a chur siar faoi chomhchuid 7 (Digitiú Stáit, críoch, fiontar, cultúir). Ar an mbonn sin, d'iarr an Fhrainc go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna réamhluaite agus go ndéanfaí na hathruithe réamhluaite, agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(18) Mhínigh an Fhrainc go ndearnadh ceithre bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun bun-uaillmhian an bhirt a bhaint amach. Dá bhrí sin, chuir an Fhrainc na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta isteach chun athrú a dhéanamh ar an tuairisc ar an mbeart agus ar gharsprioc 1-3 d'athchóiriú C1.R2 (Rialúchán teirmeach) faoi chomhchuid 1 (Athchóiriú foirgneamh) a bhfuil garsprioc bhreise 1-3 bis tugtha isteach ina leith, i), leis an tuairisc ar athchóiriú C2.R1 (An Dlí Aeráide agus Athléimneachta) a athrú faoi chomhchuid 2: Éiceolaíocht agus bithéagsúlacht, leis an ngarsprioc ghaolmhar 2-2 a bhaint, garsprioc nach raibh ábhartha agus a bhfuil sprioc curtha ina hionad a bhaineann leis an líon criosanna astaíochtaí ísle i gcathracha, rud a léiríonn a mhéid a chuirtear an athchóiriú sin chun feidhme, leis an tuairisc ar infheistíocht C7.I8 (Leanúnachas riaracháin: uasghrádú digiteach ar riar an chórais oideachais) a leasú faoi chomhchuid 7 (Digitiú Stáit, críoch, fiontar, cultúir), chun athrú ar raon feidhme an bhirt a léiriú, agus leis an tuairisc ar infheistíocht C8.I6 (Poist a chruthú don óige san earnáil spóirt) a athrú faoi chomhchuid 8 (Cosaint poist, an óige, míchumas, gairmoiliúint), chun athrú ar raon feidhme an bhirt a léiriú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Fhrainc go leasófaí agus go gcuifí na garspriocanna réamhluaite agus go ndéanfaí na hathruithe réamhluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(19) D’iarr an Fhrainc go méadófaí an uaillmhian maidir le beart amháin chun feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, chuir an Fhrainc leasuithe ar an RRP isteach chun athrú a dhéanamh ar an tuaraisc ar garsprioc 7-14ú de bheart C7.R5 (Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí) faoi chomhchuid 7 (Digitiú Stáit, críoch, fiontar, cultúir). Ar an mbonn sin, d’iarr an Fhrainc garsprioc an bheirt sin a chur leis an RRP. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(20) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bhFrainc, go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

(21) Sainaithníodh 69 n-earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do 27 ngarsprioc agus sprioc agus do 45 bheart. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an RRP a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 21 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Fhrainc. Baineann na hearráidí cléireachais sin le bearta C1.R2, C1.I1 agus C1.I2, agus le garsprioc 1-13 de bheart C1.I4 faoi chomhchuid 1 (Athchóiriú foirgneamh); bearta C2.I4, C2.I7, C2.I8, sprioc 2-16 de bheart C2.I9 faoi chomhchuid 2 (Éiceolaíocht agus bithéagsúlacht); beart C3.I1, beart C3.I3 agus beart C3.I4 agus garsprioc 3-26, beart C3.I6 agus sprioc 3-30 agus garsprioc 3-31 agus beart C3.I7 agus garsprioc 3-32 faoi chomhchuid 3 (Bonneagar agus an tsoghluaisteacht ghlas); beart C4.I3 agus sprioc 4-11 faoi chomhchuid 4 (Fuinnimh agus teicneolaíochtaí glasa); garsprioc 5-2 agus beart C5.R2 faoi chomhchuid 5 (Tacaíocht do ghnólachtaí); beart C6.R1 agus C6.I4 de chomhchuid 6 (Ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht); garspriocanna 7-1 agus 7-2 de bheart C7.R1, sprioc 7-16 agus beart C7I1, sprioc 7-18 de bheart C7.I2, garsprioc 7-23 agus beart C7.I6, bearta C7.I7 agus C7.I9, garsprioc 7-31 agus sprioc C7.I11 faoi chomhchuid 7 (Digitiú Stáit, críoch, fiontar, cultúir); beart C8.R1, sprioc 8-7 de bheart C8.R4, sprioc 8-8 agus beart C8.I1, beart C8.I2 agus beart C8.I6, beart C8.I7, beart C8.I8, sprioc 8-17 agus beart C8.I10, sprioc 8-18 de bheart C8.I11, sprioc 8-20 agus beart C8I13, sprioc 8-21 agus beart C8.I14, beart C8.I17, sprioc 8-27 agus beart C8.I19, sprioc 8-28 agus beart C8.I20, sprioc 8-30 de bheart C8.I21, beart C8.I22 faoi chomhchuid 8 (Cosaint poist, an óige, míchumas, gairmoiliúint); beart C9.I1, spriocanna 9-7, 9-8, 9-9 agus 9-10 agus beart C9.I2, bearta C9.I4, C9.I5, C9.I6 agus C9.I7 faoi chomhchuid 9 (Taighde, sláinte agus spleáchas, comhtháthú críochach). Ina theannta sin, cuirtear dhá earráid chléireachais san áireamh sa tuairisc ar chomhchuid 3 (Bonneagar agus soghluaisteacht ghlas) agus ar chomhchuid 8 (Cosaint poist, an óige, míchumas agus, gairmoiliúint). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241

(22) I gcaibidil REPowerEU tá trí athchóiriú nua agus trí infheistíocht nua. Baineann na hathchóirithe leis an dlí a glacadh le déanaí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, an 'plean um measarthacht fuinnimh' a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus arb é is aidhm dó tomhaltas fuinnimh a laghdú 10 % faoi 2024 (i gcomparáid le geimhreadh 2018-2019), agus Ardrúnaíocht um Pleanáil Éiceolaíoch a bhunú. Cuireann na hathchóirithe sin go héifeachtach le cuspóirí REPowerEU, mar a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leis an dlí maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh éascaítear deonú ceadanna agus sainítear 'limistéir luasghéaraithe' atá fabhrach do chur chun úsáide tapa na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, agus dá bhrí sin, cuireann sé le glasú an mheascáin fuinnimh agus méadaíonn sé an táirgeadh leictreachais. Cuireann an 'plean um measarthacht fuinnimh' leis an laghdú foriomlán ar thomhaltas fuinnimh sa Fhrainc agus cuidíonn sé le slándáil an tsoláthair a bhaint amach láithreach. Lena ról pleanála agus comhordaithe, stiúrann an Ardrúnaíocht straitéisí náisiúnta i réimse an aistrithe éiceolaíoch, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh trí athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna tacaíochta d'athchóiriú fuinnimh le haghaidh teaghlaigh bheaga.

(23) Áirítear ar thrí infheistíocht nua faoi chaibidil REPowerEU (a) dícharbónú an tionscail, (b) táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite agus saor ó iontaise, agus (c) athchóiriú foirgneamh poiblí ar leis an Stát iad. Tacaíonn an chéad infheistíocht le táirgeadh teasa thionsclaíoch atá bunaithe ar bhithmhais chun breoslaí iontaise, éifeachtúlacht fuinnimh agus próisis táirgthe atá ag athrú san earnáil thionsclaíoch a ionadú; agus dá bhrí sin, cuirtear leis an gcuspóir a leagtar amach Airteagal 21c(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Tacaíonn an dara hinfheistíocht le ceithre thionscadal a roghnaítear faoi thionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chuireann le forbairt agus táirgeadh feithiclí fóntais éadroma trí hidrigin a úsáid, le monarú comhpháirteanna agus teicneolaíochtaí breosla-chille hidrigine chun hidrigin in-athnuaite agus saor ó iontaise a tháirgeadh, i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointí (b) agus (e) den Rialachán sin. Tacaíonn an tríú hinfheistíocht le hathchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí ar leis an Stát iad agus is é is aidhm don infheistíocht sin tomhaltas fuinnimh agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise i stoc foirgneamh an Stáit a laghdú sa ghearrthéarma, i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (b) den Rialachán sin.

(24) I gcaibidil REPowerEU freisin tá beart méadaithe amháin faoi chomhpháirt 1 (athchóiriú foirgneamh): athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach, lena n-áirítear criathair theirmeacha. Leis an mbeart méadaithe sin a áirítear i gcaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine na hinfheistíochta atá san áireamh cheana féin sa RRP náisiúnta: tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an scéim tacaíochta ar a dtugtar ‘MaPrimeRenov’, scéim lena maoinítear athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach agus chun éifeachtúlacht fuinnimh na n-oibreacha athchóirithe a fheabhsú agus chun dlús a chur le díothú criathar teirmeach de réir a chéile.

(25) Rinne an Coimisiún measúnú ar an RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

(26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(27) Comhfhreagraíonn raon gníomhaíochtaí an plean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU do chuspóirí na Saoráide, agus cothromaíocht fhoriomlán iomchuí ann idir colúin. Sáraíonn na leithdháiltí ar na haistrithe glasa agus digiteacha (49.5 % agus 21.6 % faoi seach) ceanglais Rialachán (AE) 2021/241 (37 % agus 20 % faoi seach), agus dá bhrí sin cuireann an RRP modhnaithe go mór leis na colúin sin.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

(28) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an bhFrainc, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh in 2019, 2020 agus 2022. Go háirithe, cuirtear san áireamh sa RRP modhnaithe na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh ó 2022.

(29) Áirítear leis an RRP modhnaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an bhFrainc i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh in 2019 agus 2020, go háirithe chun imeascadh i margadh an tsaothair a chothú agus chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna (moladh 2019.2 agus moladh 2020.2); nascacht ar fud na críche a fheabhsú (moladh 2019.3.3, moladh 2020.3.7); athléimneacht an chórais sláinte a mhéadú (moladh 2020.1.2); astaíochtaí a laghdú san earnáil iompair (moladh 2020.3.4); T&F a shimpliú agus infheistíocht a dhéanamh ann (moladh Tírshonracha 2019.3.1 agus moladh 2020.3.8).

(30) Tá coinne leis go rannchuideoidh caibidil REPowerEU le huaillmhian an RRP a threisiú a mhéid a bhaineann leis na moltaí tírshonracha ábhartha a dtugtar aghaidh orthu i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Go háirithe, tá méadú mór le teacht ar na hiarrachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú (moladh 2019.3.2, moladh 2020.3.5, moladh 2022.4.1 agus moladh 2022.4.3) i bhfianaise an mhéadaithe agus na mbeart nua maidir le hathchóiriú fuinnimh foirgneamh (tithíocht phríobháideach agus foirgnimh Stáit), chomh maith le dícharbónú an tionscail (beart 'Tionscal Saor ó Iontaise'). Tá coinne leis freisin go gcuirfidh tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne maidir le hidrigin leis an éileamh ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh (moladh 2019.3.2, moladh 2020.3.5 agus moladh 2022.4.2) a fhorbairt agus a mhéadú agus le dícharbónú an iompair (Moladh Tírshonrach 2020.3.4). Tá coinne leis go gcuirfidh an dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite le cur chun úsáide fuinnimh in-athnuaite a chothú agus leis an gcreat dlíthiúil a fheabhsú, mar a luaitear i moladh 2022.4.2.

(31) Cé go mbaintear an fobheart 'tacaíocht do tháirgeadh hidrigine dícharbónaithe' (fobheart C4.I2), tá sé cúitithe le tionscadail bhreise san earnáil hidrigine faoi chaibidil REPowerEU. Tá coinne leis go gcuirfidh na tionscadail sin go hindíreach le cur chun úsáide fuinnimh in-athnuaite a chothú tríd an éileamh a mhéadú, agus ar an gcaoi sin, cuirtear le moladh 2019.3.2 agus moladh 2020.3.5. Sa mheasúnú ar an RRP tosaigh, measadh go raibh an beart a baineadh, 'ranníocaíocht le cistí infheistíochta réigiúnacha' (C5.I1), ábhartha maidir le Moladh 2020.3.1 a bhaint amach. Meastar an dúshlán sin a bheith 'curtha chun feidhme ina iomláine' faoi láthair agus, dá bhrí sin, ní mheastar é a bheith ábhartha don mheasúnú athbhreithnithe ar an RRP.

(32) Áirítear garsprioc bhreise sa RRP modhnaithe maidir leis an measúnú bliantúil ar na bearta a rinneadh chun cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú (garsprioc 7-14a), atá le teacht faoi 2025. Tá coinne leis go dtabharfaidh sé sin breis chinnteachta maidir le cur chun feidhme éifeachtach shásra athbhreithnithe caiteachais nua na Fraince, chun a áirithiú, ó 2023 ar aghaidh, go ndéanfar meastóireachtaí rialta go cuí ar an gcaiteachas poiblí agus go gcuirfear a dtorthaí san áireamh i ndlíthe airgeadais, ionas go mbeidh coigilteas caiteachais agus gnóthachain éifeachtúlachta ann dá thoradh.

(33) Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar go rannchuideoidh an RRP modhnaithe leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011[1] in 2019 agus 2020 ar míchothromaíochtaí iad atá ann sa Fhrainc, go háirithe maidir le fiachas náisiúnta ard agus dinimicí iomaíochais laga i gcomhthéacs fáis ísil táirgiúlachta.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

(34) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (rátáil A) ag an RRP modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Fraince a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

(35) Sa mheasúnú tosaigh ar an RRP, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar ard ag an RRP ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Fraince a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas. (Rátáil A).

(36) Léirítear in ionsamhlúcháin a rinne ranna an Choimisiúin go bhféadfadh an RRP, in éineacht leis an gcuid eile de bhearta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, OTI na Fraince a mhéadú 0.3 go 0.7 faoi 2026, gan an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag athchóirithe struchtúracha a chur san áireamh, tionchar a d'fhéadfadh a bheith suntasach.

(37) San áireamh sa RRP, mar a glacadh é, bhí infheistíochtaí agus athchóirithe suntasacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta agus chun feabhas a chur ar chomhtháthú agus lánpháirtiú sóisialta roinnt grúpaí leochaileacha (an óige faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta). Chun leibhéal oideachais agus comhtháthú i margadh an tsaothair a chothú, áiríodh go háirithe sna bearta tacaíocht do phrintíseachtaí, fóirdheontais spriocdhírithe fostaithe, cláir chun luathfhágáil ón oideachas agus ón oiliúint a chosc, scoileanna cónaithe a fhorbairt, tacaíocht don tseirbhís fostaíochta phoiblí agus infheistíochtaí i rochtain ar dheiseanna uas-scilithe agus athscilithe, i gcomhréir le riachtanais ab mhargaidh saothair. Chun tacú le rochtain ar sheirbhísí sláinte, sa RRP a glacadh áiríodh infheistíochtaí i nuachóiriú agus digitiú an chórais sláinte. Ba é ba aidhm do roinnt infheistíochtaí, amhail athchóiriú tithíochta sóisialta, an bhochtaineacht fuinnimh a laghdú.

(38) Mar chuid den leasú ar an RRP, laghdaíodh an chuid de atá tiomnaithe do roinnt de na hinfheistíochtaí sóisialta agus fostaíochta thuasluaite, rud a bhfuil tionchar comhréireach aige ar an toradh a raibh coinne leis. Cuirtear na hathruithe sin in iúl leis na spriocanna leasaithe. Mar sin féin, níl aon athrú ar an measúnú dearfach tosaigh ar thionchar sóisialta an RRP ar chomhtháthú sóisialta. Go háirithe, sa phlean RRP tugtar aghaidh fós ar na dúshláin shóisialta agus fostaíochta ábhartha amhail fostaíocht a mhéadú, lánpháirtiú i margadh an tsaothair a threisiú, agus scileanna an lucht saothair a mhéadú.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

(39) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, maidir leis an RRP modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, meastar go n-áiritheoidh sé nach ndéanfaidh aon bheart maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa RRP sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil (rátáil A) de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(40) Na hathruithe a tugadh isteach trí bhearta trí athbhreithniú a dhéanamh ar an RRP, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh don leagan bunaidh den RRP, plean atá fós mar bhí sé.

1 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(41) Maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua a tugadh isteach i gcaibidil REPowerEU, sholáthair an Fhrainc measúnú córasach ar gach beart i gcoinne an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoir theicniúil dá bhforáiltear san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'[1], lena n-áirítear míniú ar an gcaoi a cuirtear i bhfeidhm chreat reachtach an Aontais agus na Fraince atá ann cheana a bhaineann le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i bhfeidhm. De bhun na faisnéise a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheoidh RRP modhnaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

(42) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

1 IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

(43) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go háirithe le tacú leis na cuspóirí in Airteagal 21c (3), pointí (b) agus (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Trí mhéadú a dhéanamh ar bheart C1.I1 Athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach (beart C10.I4) agus trí bheart nua a chur leis maidir le hathchóiriú foirgneamh poiblí ar leis an Stát iad, agus é mar chuspóir an-ghearrthéarmach leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú faoi gheimhreadh 2023-2024 (C10.I3), agus trí athchóiriú nua a thabhairt isteach arb é is aidhm dó tomhaltas fuinnimh na n-earnálacha uile sa Fhrainc a laghdú (*Plan de sobriété énergétique*), treisíodh i gcaibidil REPowerEU an uaillmhian éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a fheabhsú go héifeachtach i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Go háirithe, le méadú na mbeart maidir le hathchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach (C1.I1), agus MaPrimeRenov ag soláthar cumhdach níos fearr do theaghlaigh leochaileacha, mar aon leis an 'Plean um Measarthacht Fuinnimh' nua, cuideoidh sé sin le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh, i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21(3), pointe (c) den Rialachán sin. Is é is aidhm don bheart 'Tionscal Saor ó Iontaise' dlús a chur le dícharbónú an tionscail agus tugtar aghaidh ar an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (b) agus pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241. Na ceithre thionscadal a áirítear sa tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne maidir le hidrigin, tá sá d'aidhm acu cur le méadú an táirgthe agus an ghlactha hidrigine in-athnuaite agus saor ó iontaise agus cur le cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointí (b) agus (e) den Rialachán sin. Trí athchóiriú a thabhairt isteach arb é is aidhm dó nósanna imeachta ceadaithe maidir le cur chun úsáide foinsí in-athnuaite fuinnimh, is é is aidhm don RRP dlús a chur le cur chun úsáide fuinnimh in-athnuaite agus cuireann sé leis an gcuspóir ó Airteagal 21c(3), pointe (b) den Rialachán sin, is é sin, soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú tríd an sciar a mhéadú agus dlús a chur le cur chun úsáide fuinnimh in-athnuaite. Maidir leis an Ardrúnaíocht um Pleanáil Éiceolaíoch a chruthú, tá coinne leis go méadófar comhsheasmhacht na mbeartas agus go bhfeabhsófar comhordú agus cur chun feidhme na straitéisí náisiúnta maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar gealltanais Eorpacha na Fraince.

(44) Tá caibidil REPowerEU seasmhach le gealltanas na Fraince astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Leis na bearta sin, neartaítear na bearta a áirítear sa RRP bunaidh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, tríd an luas na n-athchóirithe fuinnimh a mhéadú le haghaidh teaghlach agus an tionscail araon.

(45) Tugtar aghaidh freisin i gcaibidil REPowerEU ar an ngá atá le héagsúlú ó bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le cur chun úsáide fuinnimh in-athnuaite agus trí thacú leis an nuálaíocht chun hidrigin in-athnuaite agus saor ó iontaise a ghlacadh, rud a mhéadóidh slándáil sholáthar fuinnimh na Fraince.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

(46) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(47) Is tionscadal é an ‘tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne maidir le hidrigin’ a bhfuil gné ilnáisiúnta agus trasteorann ag baint leis, cé is moite den tionscadal a bhaineann le feithiclí astaíochtaí nialasacha a fhorbairt. Ina theannta sin, leis an infheistíocht a bhaineann le hathchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí, agus leis an mbeart méadaithe C10.I4 (Athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach), cuireann an RRP athbhreithnithe le luas an athchóirithe ar fhoirgnimh a mhéadú d’fhonn spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Comhlánaítear na bearta sin leis an toinscadal ‘Tionscal Saor ó Iontaise’ arb é is aidhm dó freisin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus an t-éileamh ar fhuinneamh sa earnáil tionsclaíochta a laghdú.

(48) Is é EUR 2.6 billiún san iomlán costais iomlána na mbeart sin, sin níos mó ná 30 % de chostais mheasta chaibidil REPowerEU.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

(49) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa RRP modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb ionann í agus 49.5 % de leithdháileadh iomlán an RRP agus 91.6 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán (AE) sin, tá an RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(50) Níl tionchar ag na bearta a tarraingíodh siar nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an RRP maidir leis an aistriú glas agus, i gcaibidil REPowerEU, déantar iarracht shuntasach bhreise tacú le haistriú glas na Fraince, ós rud é go rannchuidíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí go léir go dlúth leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus le feabhas a chur ar an gcreat rialála lena gcumasaítear an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide.

(51) Rannchuidíonn an RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU leis an aistriú glas, mar aon le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann san Aontas faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

(52) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa RRP modhnaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann í agus 21.6 % de leithdháileadh iomlán an RRP mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(53) Ní raibh tionchar ag an athbhreithniú ar an RRP ar a uaillmhian maidir leis an aistriú digiteach agus níl tionchar aige ar an measúnú tosaigh. Leanann an RRP modhnaithe ag cur go mór le haistriú digiteach na ngnólachtaí agus an riaracháin poiblí agus le scileanna digiteacha an lucht saothair, na ndaltaí agus an daonra ginearálta a mhéadú, agus meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach acu.

Tionchar buan

(54) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (rátáil A) ag an RRP modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an bhFrainc.

(55) Sa mheasúnú tosaigh ar an RRP, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go raibh coinne leis go mbeadh tionchar buan láidir (rátáil A) ag an RRP ar an bhFrainc.

(56) Ní laghdaíonn an RRP modhnaithe uaillmhian an RRP tosaigh ina iomláine. Cuirtear san áireamh ann an leithdháileadh laghdaithe, tionchar fada ghéarchéim COVID-19, an boilsciú agus suaitheadh sa slabhra soláthair, chomh maith le roinnt deacrachtaí dlíthiúla agus teicniúla gan choinne nó roghanna malartacha níos fearr a bheith ar fáil chun bearta áirithe a chur chun feidhme. Áirítear ann freisin caibidil nua REPowerEU a bhfuil coinne leis, sa bhreis ar na bearta atá ann cheana, go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha aige ar gheilleagar na Fraince agus go gcuirfear borradh breise faoina aistriú glas. Go háirithe, tá coinne leis go rannchuideoidh bearta REPowerEU leis an aistriú glas trí thacú le hiarracht dícharbónaithe na Fraince, leis an aistriú fuinnimh agus lena spleáchas ar fhuinneamh a laghdú. Maidir le bearta REPowerEU i ndáil leis an tionscal agus athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach agus foirgnimh phoiblí a dhícharbónú, tá coinne leis go mbeidh tionchar fadtéarmach acu ar laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar an mbochtaineacht fuinnimh. Cuirfidh caibidil REPowerEU freisin le maoiniú an Tionscadail Thábhachtaigh ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne maidir le hidrigin, ag cur le forbairt na conaire táirgthe agus tomhaltais hidrigine in-athnuaite agus saor ó iontaise, rud a mbeidh tionchar fadtéarmach ionchasach aige ar astaíochtaí fadtéarmacha a laghdú. Leis an mbeart méadaithe i gcaibidil REPowerEU den RRP athbhreithnithe, cuidíonn sé freisin le huaillmhianta aistriú glas na Fraince a leathnú trí athchóiriú fuinnimh breise a dhéanamh ar thithíocht phríobháideach (C1.I1). Is féidir tionchar buan an RRP a fheabhsú freisin trí shineirgí idir an RRP agus cláir eile, lena n-áirítear na cláir sin a mhaoinítear le cistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chríochacha ar shlí shubstainteach agus trí fhorbairt chothrom a chur chun cinn.

(57) Tá coinne leis go mbeidh tionchar fadtéarmach ag na hathchóirithe a áirítear i gcaibidil REPowerEU ar an bhFrainc trí chuidiú le tomhaltas fuinnimh na n-earnálacha uile sa Fhrainc a laghdú faoin ‘bplean um measarthacht fuinnimh’ (*Plan de sobriété énergétique*), tríd an nós imeachta ceadaithe maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a laghdú faoin dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite (*Loi d'accélération de la production des énergies renouvelables*), agus tríd an Ardrúnaíocht um Pleanáil Éiceolaíocha bhunú, rud a mhéadóidh comhsheasmhacht na mbeartas agus thacóidh le tiomantas na Fraince do chuspóirí Eorpacha.

Faireachán agus cur chun feidhme

(58) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an RRP a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(59) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar RRP na Fraince ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an RRP. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus réalaíoch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir.

Costáil

(60) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an RRP, tá an réasúnú sin meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(61) Maidir leis an measúnú costála ar an RRP bunaidh in 2021, sholáthair an Fhrainc miondealuithe ar chostais na mbeart ar bhonn ginearálta, le tagairtí do thionscadail nó staidéir chomhchosúla roimhe sin a rinneadh chun bonn cirt a thabhairt le figiúirí costais agus mínithe leordhóthanacha ar an modheolaíocht a úsáideadh chun na costais iomlána a bhunú. Bhí an réasúnú a tugadh sa RRP bunaidh i ndáil le méid chostais mheasta iomlána an RRP measartha réasúnta agus inchreidte agus bhí sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta agus fuair sé rátáil B an tráth sin.

(62) I gcás na mbeart a laghdaíodh sa RRP chun freastal ar an laghdú ar an leithdháileadh (Airteagal 18 de Rialachán RRF), rinneadh measúnú ar na costais mhodhnaithe i gcás nach raibh an laghdú ar na costais mheasta i gcomhréir leis an laghdú ar na garspriocanna nó ar na spriocanna ábhartha. Ar bhonn ginearálta, chuir an Fhrainc modheolaíochtaí agus doiciméadacht tacaíochta ar ardchaighdeán ar fáil le fianaise go raibh na modhnuithe ar na costais réasúnta agus sochreidte. Bhain sé sin le bearta C2.I6 (Líonraí uisce slána), C7.I1 (Uasghrádú digiteach cuideachtaí), C8.I6 (Poist a chruthú don óige san earnáil spóirt), C8.I9 (Ráthaíochtaí ón Stát le haghaidh iasachtaí do mhic léinn, C8.I10 (Conairí pearsantaithe do dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna idir 16-18 mbliana d'aois), C8.I2 (Athsciliú trí chláir oiliúna sealaíochta (Pro A)), agus C8.I18 Ábhar oideachais digiteach: ardáin le haghaidh ábhar digiteach. Laghdaíodh dhá bheart C4.I3 (Plean Tacaíochta don aerloingseoireacht) agus C6.I1 (Fostaíocht T&F a Chaomhnú) ar bhealach comhréireach leis an sprioc nua nó athbhreithnithe. Tarraingíodh siar bearta nó fobhearta iomlána - (fobheart feithiclí troma de C3.I2 Tacaíocht d'fheithiclí glana, sásra táirgthe de C4.I2 Hidrigin dhícharbónaithe a fhorbairt, C5.I1 Cistí infheistíochta réigiúnacha, pleananna don earnáil preasa, don earnáil leabhar, agus d'earnáil an chineama ó C7.I11 Cultúr) - le costais dhea-aitheanta sa mheasúnú tosaigh. Maidir le bearta inar athbhreithníodh an tuairisc nó an sprioc agus nuair a thagann athrú ar an gcostas i gcomparáid leis an RRP tosaigh (e.g. boilsciú), sholáthair an Fhrainc ríomh mionsonraithe agus fianaise tacaíochta i dtaca leis na hathruithe. Ba é sin an cás le bearta C3.I5 (Glasú fhlít gluaisteán an Stáit), fobheart Ardeaglaisí agus séadchomharthaí stairiúla náisiúnta C7.I11 (Cultúr) (), agus beart C9.I3 Athchóiriú bunaíochtaí liachta-shóisialta. Maidir leis na bearta i gcaibidil REPowerEU, léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais agus ar na doiciméid tacaíochta go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus sochreidte. Léiríodh go raibh costais an bhirt mhéadaithe comhréireach. Cuireadh léiriú iomlán ar na costais ar fáil le haghaidh na mbeart nua. Mar sin féin, ós rud é nach dtugtar míniú leordhóthanach ar an modheolaíocht a úsáidtear uaireanta agus nach bhfuil an nasc idir an t-údar, an fhianaise tacaíochta agus an costas féin iomlán soiléir, ní féidir rátáil A a thabhairt maidir leis an gcritéar measúnaithe sin. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an RRP i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

(63) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa RRP, measadh go raibh siad leormhaith (rátáil A) chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus bhí coinne leis go ndéanfadh siad cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Ní bheidh tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar RRP na Fraince ar na measúnuithe dearfacha toisc go bhfuil na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe nua a áirítear i gcaibidil REPowerEU le bheith faoi réir na nósanna imeachta iniúchóireachta agus rialaithe céanna atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le bearta eile den RRP. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta

(64) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear go mór (rátáil A) sa RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint

(65) Tá RRP bunaidh na Fraince bunaithe ar naoi gcomhpháirt chomhleanúnacha a thacaíonn leis na comhchuspóirí ó thaobh téarnamh gheilleagar na Fraince a spreagadh, cur leis an aistriú glas agus digiteach agus athléimneacht na Fraince a fheabhsú. Dá bhrí sin, tá RRP na Fraince ag cur le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach na Fraince. Tá gach comhpháirt bunaithe ar phacáistí comhsheasmhacha d’athchóirithe agus d’infheistíochtaí araon, le bearta a threisíonn a chéile nó a chomhlánaíonn a chéile. Tá sineirgí ann freisin ar fud na gcomhpháirteanna éagsúla agus ní thagann aon bheart salach ar éifeachtacht birt eile ná ní bhaineann sé an bonn d’éifeachtacht birt eile ach oiread.

(66) Leasaíonn an modhnú na naoi gcomhpháirt atá ann cheana, agus tugann sé 10ú comhpháirt, caibidil REPowerEU. Ní athraíonn na modhnuithe a rinneadh ar na caibidlí atá ann cheana comhleanúnachas foriomlán an RRP, agus an chaoi a neartaíonn na comhpháirteanna a chéile agus a gcomhlánaíonn siad a chéile á gcur san áireamh. Leis an gcomhpháirt bhreise a bhaineann le cuspóirí REPowerEU, feabhsaítear chomhleanúnachais an RRP, toisc go n-áirítear inti bearta nua agus bearta méadaithe a leanann trí ais chomhlántacha atá dírithe ar fhuinneamh. Is iad seo a leanas na trí ais: teicneolaíochtaí nuálacha hidrigine a fhorbairt, infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt agus fuinneamh in-athnuaite agus tionscal saor ó iontaise a chur chun cinn. Tá na comhpháirteanna den RRP modhnaithe bunaithe ar phacáistí comhsheasmhacha d’athchóirithe agus d’infheistíochtaí araon.

An próiseas comhairliúcháin

(67) I gcomhréir lena creat dlíthiúil náisiúnta féin, rinne an Fhrainc sraith comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun plé a dhéanamh ar na leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/241 chomh maith le hinneachar a RRP mhodhnaithe. Chuathas i gcomhairle go foirmiúil leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a beartaíodh faoi chaibidil nua REPowerEU an 30 Márta 2023. Chuathas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear ionadaithe ó eagraíochtaí gairmiúla, an lá céanna tríd an gComhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Comhshaoil (CESE) agus tríd an gCoiste Idirphlé Sóisialta um Ghnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta (CDSEI).

(68) Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Measúnú dearfach

(69) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an RRP lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an RRPna critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an RRP mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Ranníocaíocht airgeadais

(70) Is é EUR 41 864 300 141 costais mheasta iomlán RRP modhnaithe na Fraince lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an RRP mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Fhrainc, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do RRP modhnaithe na Fraince lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Fraince lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Is ionann an méid sin agus EUR 37 448 495 278.

(71) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 20 Aibreán 2023 chuir an Fhrainc iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 2 826 330 141 costais mheasta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Fhrainc, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Fhrainc cothrom leis an sciar leithdháilte. Is ionann an méid sin agus EUR 2 317 477 900.

(72) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4ú de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], an 1 Márta 2023 chuir an Fhrainc iarraidh réasúnaithe isteach chun cuid dá leithdháileadh sealadach a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, arb ionann é agus EUR 504 000 000. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise. Ba cheart an méid a íocadh cheana mar réamh-mhaoiniú a chur ar fáil a luaithe a ghnóthófar é.

(73) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán de EUR 40 269 973 178 a bheith ar fáil don Fhrainc.

Réamh-mhaoiniú REPowerEU

(74) D'iarr an Fhrainc an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: EUR 2 821 477 900 i bhfoirm ranníocaíochta airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11, aistriú EUR 504 000 000 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 2 317 477 900 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

---

1 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

2 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

(75) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 20 Aibreán 2023 d'iarr an Fhrainc réamh-mhaoiniú 20 % den chistiú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Fhrainc faoi réir theacht i bhfeidhm, agus de réir, comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Fhrainc de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

(76) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar RRP na Fraince a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an RRP*

Formheastar an mheasúnaithe ar an RRP modhnaithe don Fhrainc a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin RRP, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an RRP agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Fhrainc i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 40 269 973 178[*]. Áirítear ar an rannchuidiú sin:

(a) beidh méid EUR 24 323 387 303 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh méid eile EUR 13 125 107 975 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) méid EUR 2 317 477 900[**], i gcomhréir le hAirteagal 21d(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a), den Rialachán sin;

(d) méid EUR 504 000 000, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid. Cuirfear an méid a íocadh cheana mar réamh-mhaoiniú faoi Rialachán (AE) 2021/1755 ar fáil a luaithe a ghnóthófar é.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Fhrainc i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear méid EUR 4 868 304 386 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.

Cuirfear méid EUR 564 295 580 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

______________

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Fraince de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an mhodheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

** Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Fraince de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an mhodheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.

(3) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Fraince.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*